

# Siúlóid an tSeandúin

*Tosaíonn an tsiúlóid ar Chearnóg Daunt ag Painéal Eolais 1.*

*Lean ar aghaidh ón áit seo agus siúil ar Shráid Phóil.*

Seo sráid ón 18ú haois luath. Ar chlé tá Eaglais Naomh Pól ón 18ú haois. Ba é in Eaglais Naomh Pól a chuirf strainséirí sa chathair, ba mhínic a chuirf mairnéalaigh ansin. Ag an acomhal le hAscaill Phóil tá Scoil agus Cléirtheach Naomh Pheadair & Phóil, a tógadh in 1879. Ar Shráid Phóil tá Eaglais Pheadair agus Phóil a tógadh in 1859, agus a dhear Edward Pugin, mac le Augustus a bhí níos cáiliúla. Ag an bpointe sin, téann Sráid Phóil trí Phlás Rory Gallagher, a ainmníodh chun an giotáraí, a d'fhás suas i gCorcaigh, a chomórath. Imíonn Lána Uí Chiara agus Sráid Theampall na bhFrancach ó dheis. Bhí ceangal ag an gceantar seo leis an bpobal Úgónach a bhíodh beo bríomhar i gCorcaigh uair amháin, agus a bhfuil a reilig ar Shráid Theampall na bhFrancach.

*Lean ort trasna acomhal Shráid Phóil agus Shráid na Leathghealaí, ar aghaidh go Plás Shráid Emmet.*

Bhí cónaí ag an scríbhneoir, Seán Ó Faoláin, ar Shráid na Leathghealaí, nuair a bhí sé óg. Tógadh Dánlann Crawford, a dhear Arthur Hill, in 1884 agus cuimsíonn sí an Teach Custaim ó 1724.

*Lean ort chuig tús Dánlann Crawford áit a bhfuil Painéal Eolais 2 (Plás Emmet). Ón áit sin trasnaigh an bóthar ag Droichead Christy Ring (ná trasnaigh an droichead) agus téigh ar aghaidh ar chlé ar thaobh abhann Ché Lavitt.*

Ainmníodh Cé Lavitt i ndiaidh Joseph Lavitt, a bhí ina cheannaf agus ina mhéara ar an gcathair uair amháin. Tugtar radharc trasna na habhann ar cheantar an tSeandúin. Cruthaíodh an ceantar nuair a tháinig méadú mór ar thrádáil bia i gCorcaigh san 18ú haois.

Is teach ón 18ú haois déanach é Uimh. 16 Cé Lavitt, atá cuimsithe san fhorbairt nua-aimseartha anois. Faoi na 1820í, ní raibh duganna tráchtála san áit seo a thuilleadh ach lean roinnt trádála ar aghaidh go lár na 19ú haoise, ag baint úsáide as an staighre chuig an abhainn, rud a chuir isteach ar aithreacha na cathrach a mheas gur “source of riot” ab ea “the practice of buying potatoes out of boats.”

*Lean ort ar an gcé go Painéal Eolais 3 (Droichead an tSeandúin). Ón áit sin trasnaigh Droichead an tSeandúin agus cas ar dheis. Fan ar an taobh abhann den bhóthar.*

Is é tús na habhann ná Cé Pope a ainmníodh i ndiaidh an Bhaintreach Pope ar tugadh saoirse di chun cé a thógáil in 1718. San 18ú haois déag, bhí an áit seo mar cheantar bríomhar duganna sa chathair. Tógadh na tithe ag tús na habhann san 18ú haois luath.

*Lean ort ar Ché Pope chun féachaint ar Phainéal Eolais 4 (Eaglais Mhuire).*

*Ansin lean ort timpeall an chúinne leathain go Sráid Sheáin Réamainn.*



Leagadh Sráid Sheáin Réamainn, ar tugadh Sráid Mulgrave uirthi roimhe sin sna 1830í déanacha, chun rochtain a thabhairt ón Malartán Ime chuig na céanna taobh thiar de Dhroichead Phádraig. Tugadh ainm nua air go luath san fhichiú haois chun ómós a thabhairt do cheannaire ar an ngluaiseacht Náisiúnach.

*Lean ort suas an chnoic, ag dul thar Shráid Dhoimnic ar chlé, agus lean cuar na sráide.*

Os do choinne tá an Otharlann Thuaidh ó 1721, atá ina hóstán anois. Coimeádtar táibléad cloiche a liostaíonn na rannpháirtithe san atógáil in 1883 díreach taobh istigh de na geataí.

*Lean ort suas Sráid Sheáin Réamainn.*

Bhí Uimhir 2 Lána Rowland mar bhaile do Annie Moore, an chéad duine a chuaigh go hOileán Ellis Nua-Eabhrac. Ag acomhal Shráid Sheáin Réamainn agus Plás Mulgrave tá Oibreacha Taifí an Mhalartáin. Déantar an Cork Shakespearian Company, áit ar cuireadh oiliúint ar ghlúin d'aisteoirí ó Chorcaigh, faoi threoir an tAthair O' Flynn, a chomórath i gcloch os cionn an bhealaigh isteach ar thaobh na n-oibreacha taifí. Os a choinne tá iartheach an Butter Exchange Band, a bunaíodh in 1878.

*Lean ort go Painéal Eolais 5 (Craein Firkin).*

Seasann Craein Firkin ar láthair Chaisleán an tSeandúin ar

cuireadh síos air in 1690 mar ‘a large round tower with 16 guns and a good entrenchment’. Tá tús bhinne ag an ardán de thithe ar an taobh clé de Chraein Firkin, tréith a bhaineann le Corcaigh san 18ú haois déag luath.

*Lean ort go Painéal Eolais 6 (Eaglais San Anna, an Seandún).*

Ar an taobh clé de Shiúlán Roibeaird agus Shiobhán tá an áit a rugadh Jack Lynch, fear spóirt cáiliúil agus iar-Thaoiseach (Príomh-Aire).

*Chun leanúint ar aghaidh leis an tsiúlóid tar siar ar Shiúlán Roibeaird agus Shiobhán, cas ar dheis, agus le tús Eaglais Naomh Anna ar do dheis, lean ort díreach i dtreo na hArdeaglaise Thuaidh; ag deireadh Shráid an tSéipéil, trasnaigh an bóthar go Painéal Eolais 7 (Ardeaglais Mhuire agus San Anna).*

*Chun leanúint ar aghaidh leis an tsiúlóid téigh chuig an bPríomhchrosaire agus trasnaigh an bóthar ar an taobh clé de Shráid an tSeandúin. Siúil síos Sráid an tSeandúin.*

Anois tá tú ag siúl san áit a bhíodh mar chnámh droma i saol gnó na cathrach san 18ú haois. Bhíodh an trádáil mhairteola chomh mór go dtugtaí “the slaughterhouse of Ireland” ar an gceantar. Tabhair faoi deara, ar an taobh deas den tsráid, an tús bogha ag Uimhir 120, tréith a bhain le hailtíreacht Chorcaí san 18ú agus sa 19ú haois agus na tús bhinne ag Uimhir 118–119 agus Uimhir 111–112.

*Lean ort go Painéal Eolais 8 (Ceantar Shráid an tSeandúin).*

*Lean ort síos Sráid an tSeandúin.*

Taobh thiar d'Oifig an Phoist, bhí an carrchlós san fhorbairt árasán nua ag Cé Pope mar láthair don eaglais Anglacánach, Eaglais Mhuire, a tógadh in 1693, agus a leagadh in 1879. Cuireadh síos air mar ‘a neat parish church, with two windows in the east end’.

*Lean ort síos Sráid an tSeandúin go Painéal Eolais (Cearnóg an Bhrúnaigh) agus trasna Dhroichead Uí Ghríofa (Droichead an Gheata Thuaidh) chuig an bPríomhshráid Thuaidh.*

Ag siúl trasna Dhroichead Uí Ghríofa téann tú isteach sa chathair mheánaoiseach. Suas go deireadh an 18ú haois ba é an droichead ag an ionad sin an t-aon cheangal idir an chathair seo agus a cúlchríoch shaibhir thalmhaíochta ó thuaidh. Bhíodh an tsráid sin mar an gcuid thuaidh de phríomhshráid na cathrach uair amháin. Ar na cosáin tá plaiseanna a shonraíonn suímh lánaf a d'imigh ón tsráid.

*Lean ar aghaidh go hacomhal Shráid Adelaide agus na Príomhshráide Thuaidh.*

Seo suíomh Chaisleán Sceide, atá sonraithe ag plaic. Tá an tinteán ón gcaisleán anuas ar bhalla Uimhir 13, atá ar an taobh clé den tsráid.

*Ta Painéal Eolais 10 (An Phríomhshráid Thuaidh) suite ag an Vision Centre, áit a mbíodh Eaglais Pheadair.*

*Críochnaíonn an tsiúlóid anseo. Chun filleadh ar Phainéal Eolais 1 ar Chearnóg Daunt, lean ort ar an bPríomhshráid Thuaidh, cas ar chlé go Sráid an Chaisleáin agus ansin ar dheis go Cearnóg Daunt.*

# Innéacs

50 Pope's Quay.....	D3	Liberty Street .....	B5
Academy Street .....	E5	Little Market Street .....	C4
Adelaide Street.....	B4	Mulgrave Place .....	C2
Bachelor's Quay.....	A4	No 11 Emmet Place.....	E4
Blarney Street.....	A3	North Cathedral Presbytery .....	C1
Bob & Joan Walk.....	D2	North Cathedral.....	C1
Bridge Street.....	F3	North Main Street.....	B4
Brogue-maker's hill.....	B2	North Mall .....	A3
Brown's Square .....	B3	Old Friary Place .....	C2
Camden Quay .....	E3	Old Mallow Road .....	E3
Carroll's Quay.....	E3	Paul Street .....	D5
Carey's Lane .....	D5	Pine Street.....	E3
Castle Street .....	C5	Pope's Quay .....	B3
Cathedral Avenue .....	C1	Roman Street .....	D1
Cathedral of St Mary and St Anne (North Cathedral) .....	C1	Roman Walk .....	D3
Cathedral Road .....	B1	Shandon Bridge.....	C3
Cathedral Street .....	C1	Shandon Craft Centre .....	C2
Chapel Street .....	C1	Shandon Street .....	C1
Christy Ring Bridge.....	E4	Skiddy's Almshouse.....	D2
Church of SS Peter and Paul .....	D5	St Anne's Church.....	C2
Church Street .....	C2	St Patrick's Bridge .....	F4
Coal Quay .....	C3	St Patrick's Street .....	D5
Coburg Street .....	F3	St Paul's Avenue .....	D4
Cork Butter Exchange .....	C2	St Paul's Church.....	D5
Cork Butter Museum .....	C2	St Peter's Church.....	B4
Cork Opera House.....	E4	St Rita's Place .....	B3
Cork Vision Centre.....	B4	Tourist Information Office.....	D5
Commert Street.....	C4	Widderling's Lane .....	C3
Crawford Municipal Art Gallery .....	E4	Wolf Tone Street .....	B1
Daunt's Square .....	D5		
Devonshire Street .....	E3		
Dominican Church of St Mary..	D3		
Dominican Priory .....	D3		
Dominick Street .....	C2		
Eason's Avenue .....	C2		
Eason's Hill .....	D1		
Emmet Place .....	E4		
Exchange Street .....	C2		
Fair Street .....	B1		
Firkin Crane.....	C2		
French Church Street .....	D5		
Gerald Griffin Street .....	C1		
Glen Ryan Road .....	A2		
Graffiti Theatre Company .....	C2		
Grand Parade .....	D5		
Grattan Street .....	A4		
Griffith Bridge (North Gate Bridge) .....	B3		
Half Moon Street.....	E4		
John Philpot Curran Street.....	C1		
John Redmond Street .....	D2		
John Street Upper .....	D2		
Knapp's Square .....	E3		
Kyle Street .....	C4		
Kyrl's Quay .....	B3		
Lavitt's Quay.....	D4		

## Painéil Eolais

No 1 .....	D5
No 2 .....	E4
No 3 .....	E3
No 4 .....	C2
No 5.....	D2
No 6 .....	C1
No 7 .....	B2
No 8 .....	B3
No 9 .....	B4
No 10 .....	C4

## smartertravel >>>

Léiríonn an tionscadal seo do dtacaíocht an Rialtas le rothfócht agus siúlóid mar modhanna taistil in bhuanaithe.



[www.corkcity.ie](http://www.corkcity.ie)

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le

Comhairle Cathrach Chorcaí  
An Rannóg Tráchtá  
Teil: 021 492 4452  
rphost: [traffic@corkcity.ie](mailto:traffic@corkcity.ie)



Turas siúil féintreoirithe de cheantar stairiúil an tSeandúin i gCorcaigh.

FÁILTE go Siúlóidí Chorcaí agus chuig an tsiúlóid seo i gceantar an tSeandúin ach go háirithe. Seo turas siúil féintreoirithe de cheann de na seancheantair i gcathair Chorcaí agus tógann sí tuairim aon uair an chloig.

Tá trí ghné ag baint leis an tsiúlóid seo. Cuireann an bhileog seo síos ar an tsiúlóid agus ar na radhairc ar an mbealach. Tá léarscáil shonrach ag baint léi freisin. Tá comharthaí treorach ar an tsiúlóid chun cabhrú le treoir a thabhairt duit. Tá deich bpainéal eolais suite ag pointí éagsúla ar an mbealach. Tugtar cur síos gearr iontu ar áiteanna agus imeachtaí sna hionaid sin.

Ar an mbealach tá go leor foirgneamh spéisiúil atá oscailte don phobal agus a bhfuil bileoga eolais ag dul leo. Ina theannta sin, tá tuilleadh eolaithe ar an gcathair agus ar mhórchéantar Chorcaí ag an Oifig Turasóireachta ar Shráid an Chapaill Bhuí. Le do thoil tóg sos ar an mbealach, agus buail isteach ar ár n-eaglaisí, músaeim, gailearaithe agus caiféanna.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an tsiúlóid seo i gCorcaigh.

## Siúlóid an tSeandúin

Iompraíonn cathair lorg na ndaoine agus na n-imeachtaí a rinne í a mhúnlú thar am. Ní hamhlaidh go n-insítear na scéalta i líne shimplí amháin: bíonn an seanrud taobh leis an rud nua; tugann an rud nua tuiscint ar an seanrud. Is féidir an oiread eolais a fháil ó shonra beag agus a fhaightear ó fhoirgneamh mór.

Trasnaíonn an tsiúlóid seo cuid de na ceantair is tábhachtaí i gCorcaigh ó thaobh na staire de. Ag an lár, tá coimpléasc an Mhalartán Ime, an ceantar is rathúla, nach bhfuil ach mar chuid d'fhiontar trádála idirnáisiúnta na cathrach. Tugann an ailtireacht shuntasach ann tuiscint ar an maoin agus an chumhacht a bhíodh ag príonsaí trádála na cathrach uair amháin, ceannaithe nach n-aithnítear anois ach sna hainmneacha sráide a d'fhág siad leis an gcathair. Insítear scéal freisin sna heaglaisí a fheictear ar an tsiúlóid: ceannas na n-Anglacánach san 18ú haois; athbheochan na gCaitliceach sa 19ú haois. Tugtar leid faoi stair pholaitiúil na cathrach le hainmniú agus athainmniú na sráideanna.

Ní hamhlaidh nach bhfuil sa tsiúlóid ach turas simplí ar an am atá thart. Is cosbhealaí trádála gnóthacha fós iad Sráid an tSeandúin, an Phríomhshráid Thuaidh agus Sráid Phóil. Tá an Seanteach Custaim cuimsithe i nDánlann Crawford; tá comhlachtaí oidhreachta agus cultúrtha lonnaithe sa Mhalartán Ime anois.

Tá leanúnachas agus athnuachan cuimsithe i saol na cathrach. Tá súil againn go gcuirfidh an tsiúlóid seo le tuiscint ar na próis sin i saol na cathrach.